Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10575 – BOUYGUES / EQUANS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 223/06)

1. An 30 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Bouygues S.A. ("Bouygues", an Fhrainc),

— Equans S.A.S. ("Equans", an Fhrainc).

Gheobhaidh Bouygues rialú ar Equans ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta de ghrúpa tionsclaíoch éagsúlaithe atá gníomhach sna hearnálacha tógála, tógála agus cothabhála bonneagair iompair, forbartha réadmhaoine, meán agus teileachumarsáide é Bouygues. Soláthraíonn Bouygues seirbhísí innealtóireachta leictrí freisin trí Colas Rail, fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid Colas. Soláthraíonn Colas Rail seirbhísí innealtóireachta leictrí le haghaidh bonneagar iarnróid, lena n-áirítear leictriú iarnród (suiteáil agus cothabháil caitéiní agus línte teagmhála lastuas) agus comharthaíocht iarnróid.

— Is cuideachta dhomhanda atá gníomhach in earnáil na seirbhísí ilteicniúla é Equans. Díríonn gníomhaíochtaí Equans ar innealtóireacht leictreach, mheicniúil agus teasa, córas aerála agus aerchóirithe, réitigh cuisniúcháin, bainistíocht saoráidí agus ar dhigiteáil agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Soláthraíonn Equans seirbhísí leictrithe iarnród (suiteáil agus cothabháil caitéiní agus línte teagmhála lastuas) freisin trí Powerlines, Ineo SCLE Ferroviaire agus Fabricom.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10575 – BOUYGUES / EQUANS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË